An tEarrach Thiar – *le Máirtín Ó Direáin.*

Téama:

Baineann an dán seo leis an saol san iarthar nuair a bhí an file óg. D'fhág sé an t-oileán nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois, ach is cuimhin leis na daoine ag déanamh obair thraidisiúnta ar an trá.

Tá fuaimeanna le cloisteáil agus radharcanna le feiceáil sa dán. Feicimid grá áite sna híomhánna áille den áit:

Íomhánna:

Le cloisteáil: - An fear ag rómhar,
- Na máidí rámha san uisce.

Le feiceáil: -An fheamainn faoin ghrian,
- Scáilí na mban san uisce,
- An currach ag teacht abhaile,
- An ghrian ag dul faoi.

Mothúcháin:

Is iad uaigneas agus grá na mothúcháin is láidre sa dán seo. Thaitin an saol san iarthar go mór leis an fhile. Is cuimhin leis go raibh síocháin agus suaimhneas san áit nuair a bhí sé óg. Bhí an ghrian ag soilsiú sa spéir. Thaitin saol an oileáin go mór leis, ach níor thaitin saol na cathrach leis ar chor ar bith. Feicimid daoine ag déanamh obair thraidisiúnta ar an trá. Is áit speisialta í ina shúile, lán le dathanna difriúla agus daoine speisialta.

Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo, mar tá íomhánna áille le feiceáil ann. Déanann an file cur síos ar a shaol san iarthar nuair a bhí sé óg. Tá grá mór aige don áit. Sa chéad véarsa, tá fear ag rómhar ar fheirm. Sa dara véarsa, tá fear ag iompar feamainne. Sa tríú véarsa, tá mná ag bailiú feamainne ar an trá. Agus sa véarsa deireanach, tá currach a bhí ag iascaireacht ag teacht abhaile. Tá síocháin agus suaimhneas le feiceáil san áit, agus taitníonn sin go mór liom :o)